Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2023)0448

Údarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2023 ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála (COM(2023)0065 – C9-0019/2023 – 2023/0028(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0065),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0019/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 31 Deireadh Fómhair 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0356/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina

dhiaidh seo é;

2. á mholadh go luafar an ghníomh mar ‘Cinneadh Cicurel maidir le húdarú lena dtugtar de chumhacht don Fhrainc comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála a chaibidil leis an Ailgéir’;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2023)0028

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Nollaig 2023 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar de chumhacht don Fhrainc comhaontú déthaobhach a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála a chaibidil leis an Ailgéir

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2024/593)